Cuntas Leithreasa 2016

# Vóta 39

# An Oifig um Sholáthar Rialtais

## Réamhrá

Mar Ard-Rúnaí na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, is mise an tOifigeach Cuntasaíochta le haghaidh Vóta 39. Tá sé de chúram orm an cuntas leithreasa a ullmhú le haghaidh an Vóta, agus an cuntas a chur isteach chuig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste i gcomhair iniúchta.

De réir an cheanglais sin, d'ullmhaigh mé an cuntas faoi iamh den mhéid a caitheadh sa bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2016 maidir le tuarastail agus costais na Oifig um Sholáthar Rialtais.

Cuirtear toradh an chaiteachais i gcomparáid leis na suimeanna

a) arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasaithe 2016, lena n-áirítear an tsuim a d’fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí i gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain, agus
b) a soláthraíodh do sheirbhísí soláthair caipitil in 2016 amach as leithreasuithe 2015 nár caitheamh, faoi na socruithe géilliúna iarchurtha arna mbunú le hAlt 91 den Acht Airgeadais 2004.

Dlitear barrachas €6.1 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den Chuntas é an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta chomh maith le nótaí 1 go 6.

## Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chuntasaíochta chaighdeánacha, maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú, seachas an méid seo a leanas:

***Polasaí stoc***

Roinneann an Roinn Airgeadais (Vóta 7), An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (Vóta 11), an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte (Vóta 18) agus an Oifig um Sholáthar Rialtais (Vóta 39) stoc intomhalta TF. Leithdháiltear iad bunaithe ar líon na foirne sna Vótaí faoi seach.

Ar chúiseanna éifeachtúlachta agus áisiúlachta, taifeadtar caitheamh ar stoc intomhalta TF faoi Vóta 11. Ós rud é, áfach, go meastar an stoc a bheith roinnte, áirítear é sna nótaí costais oibriúcháin do Chuntais Vóta 7, Vóta 11, Vóta 18 agus Vóta 39 agus leithdháiltear é bunaithe ar líon na foirne sna Ranna faoi seach.

## Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht don chóras rialaithe airgeadais inmheánach***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá agam as cinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe airgeadais inmheánaigh a chothabháil agus a fheidhmiú ag an Roinn.

Déantar an fhreagracht seo a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní sin atá ar fáil dom féin agus i gcomhthéacs mo chuid dualgas féin mar Ard-Rúnaí. Freisin, ní féidir le haon chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh ach ráthaíocht réasúnta seachas dearbhráthaíocht go bhfuil sócmhainní cumhdaithe, idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile cé acu a chosc nó go ndéanfaí iad a aimsiú go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialuithe airgeadais inmheánacha a chothabháil agus bíonn an córas agus a éifeachtúlacht faoi athbhreithniú a leanann ar aghaidh.

Tá mo chuid freagrachtaí comhlíonta agam i dtaca le socruithe rialaithe do sheirbhísí AD agus do sheirbhísí roinnte párolla a soláthraíodh don Oifig seo ag an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Roinnte, a bhfuil mé mar Oifigeach Cuntasaíochta acu sin chomh maith.

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil mar chuid di na heilimintí seo a leanas

- sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach
- bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal mar ar sannadh an fhreagracht do bhainistiú airgeadais
- bunaíodh gnáthaimh fhoirmeálta do thuairisciú teipeanna suntasacha rialaithe agus do chinntiú gníomhaíochta ceartaithí cuí
- is ann do Choiste Iniúchta le comhairle a thabhairt dom maidir le comhlíonadh mo chuid freagrachtaí don chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh
- tá an Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais don Roinn Airgeadais ábhartha freisin toisc go soláthraíonn an Roinn Airgeadais seirbhísí áirithe ar bhonn roinnte do Vóta 39.

***Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistithe***

Deimhním go bhfuil creatlach gnáthamh riaracháin agus tuairisciú rialta bainistithe i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt na ndualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe, gurb ann dóibh seo a leanas

- Córas buiséadaithe cuí le buiséad bliantúil a choinnítear faoi athbhreithniú ag lucht bainistithe sinsearach.
- Athbhreithnithe rialta ag lucht bainistithe sinsearach a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le tuartha.
- Córas bainistithe riosca ag feidhmiú laistigh den Roinn.
- Córais atá dírithe ar chinntiú shlándáil na gcóras TEC.
- Treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus disciplíní bainistithe tionscadail fhoirmeálta.
- Cinntíonn an Oifig go bhfuil fócas cuí ar an dea-chleachtas maidir le ceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhlíonadh na dtreoirlínte ábhartha a chinntiú.

***Iniúchadh Inmheánach agus Coiste Iniúchta***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchta inmheánach ag an Roinn le pearsanra atá oilte go cuí, a fheidhmíonn de réir cairte scríofa atá faofa agam. Téann anailís de na rioscaí airgeadais sin atá os comhair na Roinne i bhfeidhm ar a cuid oibre agus tá a cuid pleananna bliantúla iniúchta inmheánaigh, atá faofa agam féin, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé d'aidhm ag na pleananna seo na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnta. Cuimsíonn scóp an Iniúchta Inmheánaigh agus an Choiste Iniúchta oibriúcháin na hOifige um Sholáthar Rialtais. Déantar an fheidhm inmheánach iniúchta a athbhreithniú ó am go chéile agam féin agus ag an gCoiste Iniúchta. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam le cinntiú go ndéantar tuairiscí na feidhme iniúchta inmheánaigh a athleanúint.

**Robert Watt**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Oifig um Sholáthar Rialtais

21 Márta 2017

## Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuairisc le cur faoi bhráid Tithe an Oireachtais

## Vóta 39 An Oifig um Sholáthar Rialtais

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas Leithreasa do Vóta 39 An Oifig um Sholáthar Rialtais don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2016 faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Ullmhaíodh an cuntas san fhoirm a forordaíodh ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, de réir na mbeartas cuntasaíochta caighdeánacha agus na bprionsabal do chuntais Leithreasa.

***Freagracht an Oifigigh Chuntasaíochta***

De réir Ailt 22 an Achta um Ranna Státchiste agus Iniúchta 1866, tá iachall ar an Oifigeach Cuntasaíochta an cuntas Leithreasa a ullmhú. De réir an dlí, ní mór an cuntas a chur faoi mo bhráid faoi 31 Márta tar éis deireadh na bliana cuntais.

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach freisin as cumhdach na gcistí poiblí agus na réadmhaoine sin atá faoina smacht, as an éifeachtacht agus as an mbarainneacht riaracháin ina hOifig agus as rialtacht agus geanas gach idirbhirt sna cuntais leithreasa.

***Freagracht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste***

Tá iachall orm faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993 iniúchadh a dhéanamh ar chuntais Leithreasa gach Vóta agus na tástálacha sin a chur i gcrích a measaim iad a bheith cuí do chuspóir an iniúchta.

Tar éis críochnú iniúchadh cuntais Leithreasa, tá iachall orm teastas a sholáthar a dhearbhaíonn más amhlaidh, i mo thuairim féin, go léiríonn an cuntas go cuí na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an Vóta. Tá iachall orm freisin tagairt a dhéanamh d'aon chás ábhartha mar

- ar theip ar roinn nó ar oifig caiteachas a chur i bhfeidhm a taifeadadh sa chuntas do na cuspóirí a bhí i gceist leis na leithreasuithe a rinneadh ag an Oireachtas, nó
- nach gcloíonn na hidirbhearta a taifeadadh sa chuntas ag cloí leis an údarás faoina maíonn siad a bheith curtha i gcrích.

Faoi Alt 3 (10) d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993, tá iachall orm tuarascáil a ullmhú gach bliain, faoi aon cheisteanna a eascraíonn as m'iniúchadh ar an gcuntas Leithreasa.

***Scóip an iniúchta***

Áirítear mar chuid d'iniúchadh scrúdú, ar bhonn tástála, fianaise a bhaineann le hábhar do shuimeanna agus do rialtacht na n-idirbheart airgeadais atá san áireamh sa chuntas chomh maith le measúnú i dtaca leis an gceist ar cloíodh le forálacha cuntasaíochta *Ghnáthaimh Airgeadais Phoiblí* na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Tá i gceist leis an iniúchadh dóthain fianaise a fháil le ráthaíocht réasúnta a sholáthar go bhfuil an cuntas Leithreasa saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu mar gheall ar chaimiléireacht nó mírialtacht nó earráid eile. Déanaim iarracht freisin fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Agus an tuairim iniúchta á cur in iúl, déantar measúnú faoi leordhóthanacht iomlán chur i láthair na faisnéise sa chuntas Leithreasa.

***Tuairim faoin gcuntas Leithreasa***

I mo thuairimse, léiríonn an cuntas Leithreasa go cuí fáltais agus caiteachas Vóta 39 An Oifig um Sholáthar Rialtais don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2016.

Tá an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad faighte agam a measaim iad a bheith riachtanach do chuspóirí m'iniúchta. I mo thuairimse, coimeádadh taifid chuntasaíochta leordhóthanacha ag an roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Réitíonn an cuntas Leithreasa leis na taifid chuntasaíochta.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

31 Lúnasa 2017

# Vóta 39 An Oifig um Sholáthar Rialtais
# Cuntas Leithreasa 2016

| | | Soláthar measta | 2016 Toradh | 2015 Toradh |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| **Caiteachas cláir** | | | | |
| A Soláthar na seirbhíse soláthair láir | | | | |
| *Foráil na Bliana seo* | 20,482 | | | |
| *Geilleadh iarchurtha* | 200 | 20,682 | 14,424 | 14,320 |
| **Ollchaiteachas** | | | | |
| *Foráil na Bliana seo* | 20,482 | | | |
| *Geilleadh iarchurtha* | 200 | | | |
| | | **20,682** | **14,424** | **14,320** |
| *Asbhain* | | | | |
| B **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **500** | **429** | **498** |
| **Glanchaiteachas** | | | | |
| *Foráil na Bliana seo* | 19,982 | | | |
| *Geilleadh iarchurtha* | 200 | | | |
| | | **20,182** | **13,995** | **13,822** |

**Farasbarr don ghéilliúint**

Tá farasbarr na suime a soláthraíodh le hais na glansuime faoi dhliteanas don ghéilliúint don Státchiste. Faoi Chuid 91 den Acht Airgeadais 2004, is féidir suim ar fad nó cuid d'aon leithreasuithe neamhchaite do sheirbhísí soláthair chaipitil a thabhairt anonn lena gcaitheamh sa bhliain ina dhiaidh sin.

| | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Farasbarr | 6,187,287 | 5,276,940 |
| Suim iarchurtha ón bhfarasbarr atá le tabhairt suas | (110,000) | (200,000) |
| Farasbarr le tabhairt suas | 6,077,287 | 5,076,940 |

**Anailís an chaiteachais riaracháin**

| | | | 2016 | | 2015 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | **Soláthar measta** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | | **€000** | **€000** | **€000** |
| i | Tuarastail, pánna agus liúntais | | 12,970 | 10,035 | 9,661 |
| ii | Taisteal agus cothabháil | | 250 | 193 | 155 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha | | 708 | 522 | 346 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | | 120 | 141 | 98 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha | | | | |
| | Soláthar na bliana reatha | 414 | | | |
| | Géilleadh iarchurtha | 200 | 614 | 359 | 530 |
| vi | Costais áitreabh oifige | | 130 | 112 | 538 |
| | | | **14,792** | **11,362** | **11,328** |

# Nótaí a ghabhann leis an gCuntas Leithreasa

## 1 Ráiteas faoi Chostas Oibriúcháin 2016

| | | 2016 | 2015 |
|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| Caiteachas cláir | | 3,062 | 2,992 |
| Pá | | 10,035 | 9,661 |
| Neamhphá | | 1,327 | 1,667 |
| **Ollchaiteachas** | | **14,424** | **14,320** |
| *Asbhain* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **429** | **498** |
| **Glanchaiteachas** | | **13,995** | **13,822** |
| **Athruithe i sócmhainní caipitil** | | | |
| Airgead tirim um cheannacháin | (669) | | |
| Dímheas | 361 | (308) | (386) |
| **Athruithe ar shócmhainní caipitil atá á bhforbairt** | | | |
| Íocaíochtaí in airgead tirim | | – | (508) |
| **Athruithe i nglansócmhainní reatha** | | | |
| Laghdú ar fhabhraithe deiridh | (138) | | |
| Méadú ar stoc | (4) | | |
| | | (142) | (52) |
| **Caiteachas díreach** | | **13,545** | **12,876** |
| **Caiteachas tabhaíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 937 | 733 |
| Meas-chíosanna | | 48 | 44 |
| **Costas glan clár** | | **14,530** | **13,653** |

### 1.1 Glansheirbhísí Gaolmhara

Tá glanchaiteachas na seirbhísí gaolmhara déanta suas de na méideanna seo a leanas maidir le Vóta 39 a tabhaíodh in áit eile.

| | | 2016 | 2015 |
|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** |
| Vóta 7 Oifig an Aire Airgeadais | m | 116 | 148 |
| Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí | m | 793 | 570 |
| Vóta 18 Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Roinnte | m | 28 | 15 |
| | | **937** | **733** |

Tugann ‘m’ le fios gur luach measta nó costas cionroinnte atá ann.

## 2 Clár Comhardaithe amhail ag 31 Nollaig 2016

| | Nóta | 2016 €000 | 2015 €000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní caipitil** | 2.2 | 1,490 | 658 |
| **Sócmhainní caipitil atá á bhforbairt** | 2.3 | – | 536 |
| | | **1,490** | **1,194** |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.4 | 553 | 884 |
| Stoic | 2.5 | 7 | 3 |
| Réamhíocaíochtaí | | 374 | 337 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.6 | 115 | 21 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **1,049** | **1,245** |
| | | | |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Costais fhabhraithe | | 103 | 204 |
| Iarmhéideanna sochair eile | 2.7 | 467 | 660 |
| Glandliteanas don Státchiste | 2.8 | 201 | 245 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **771** | **1,109** |
| | | | |
| **Glansócmhainní reatha** | | 278 | 136 |
| **Glansócmhainní** | | **1,768** | **1,330** |
| | | | |
| **Arna léiriú ag:** | | | |
| **Cuntas um maoiniú Stáit** | 2.1 | **1,768** | **1,330** |

| **2.1 Cuntas um Maoiniú Stáit** | **Nóta** | | **2016** | **2015** |
|---|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | | | 1,330 | 356 |
| | | | | |
| Eisíocaíochtaí as an Vóta | | | | |
| Soláthar meastacháin | Cuntas | 20,182 | | |
| Suim iarchurtha ón bhfarasbarr atá le tabhairt suas | Cuntas | (110) | | |
| Farasbarr le tabhairt suas | Cuntas | (6,077) | | |
| Vóta glan | | | 13,995 | 13,822 |
| | | | | |
| Caiteachas (airgead tirim) tabhaíodh in áit eile | 1.1 | | 937 | 733 |
| Ítimí neamh-airgid – sócmhainní caipitil faoi choigeartú forbartha | | | – | 28 |
| Míreanna neamhairgid – sócmhainní caipitil aistríodh chuig an ONSCR | | | (48) | – |
| Míreanna neamhairgid – sócmhainní caipitil aistríodh chuig an ONSCR – costas | | | 36 | – |
| Míreanna neamhairgid – meas-chíosanna | | | 48 | 44 |
| Costas glan clár | 1 | | (14,530) | (13,653) |
| **Iarmhéid ag 31 Nollaig** | | | **1,768** | **1,330** |

**2.2 Sócmhainní Caipitil**

| | Trealamh TF | Troscán agus feistis | Trealamh oifige | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Ollsócmhainní** | | | | |
| Costas nó luacháil ag 1 Eanáir 2016 | 476 | 377 | 6 | 859 |
| Breiseanna | 1,149 | 54 | 2 | 1,205 |
| Aistriú ó ONSCR | 36 | – | – | 36 |
| Aistrithe go dtí NSSO | (79) | – | – | (79) |
| Costas nó luacháil ag 31 Nollaig 2016 | 1,582 | 431 | 8 | 2,021 |
| **Dímheas carntha** | | | | |
| Iarmhéid tosaigh ag 1 Eanáir 2016 | 161 | 39 | 1 | 201 |
| Dímheas don bhliain | 316 | 43 | 2 | 361 |
| Dímheas ar sócmhainní aistrithe | (31) | – | – | (31) |
| Dímheas carntha ag 31 Nollaig 2016 | 446 | 82 | 3 | 531 |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2016** | **1,136** | **349** | **5** | **1,490** |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2015** | **315** | **338** | **5** | **658** |

| **2.3 Sócmhainní caipitil i mbun forbartha ag 31 Nollaig 2016** | **Feidhmchláir ríomhaire intí** |
|---|---|
| | **€000** |
| Suimeanna tugtha ar aghaidh amhail 1 Eanáir | **536** |
| Íocaíochtaí in airgead tirim sa bhliain | – |
| Aistrithe chuig Clár na Sócmhainní | (536) |
| **Suimeanna tugtha ar aghaidh amhail 31 Nollaig 2016** | – |

| **2.4 Banc agus Airgead Tirim** | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Airgead tirim agus iarmhéideanna an Phámháistir Ghinearálta | 552 | 884 |
| Banc Tráchtála | 1 | – |
| | 553 | 884 |

| **2.5 Stoic** | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Stáiseanóireacht | 2 | 1 |
| Tomhaltán TF | 5 | 2 |
| | 7 | 3 |

| **2.6 Iarmhéideanna Dochair Eile** | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Óinchistí taistil | 96 | — |
| Réamhíocaíochtaí le OOP | 15 | 11 |
| Míreanna dochair eile ar fionraí | 4 | 10 |
| | 115 | 21 |

| **2.7 Iarmhéideanna Sochair Eile** | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| **Suimeanna dlite don Stát** | | |
| Cáin Ioncaim | 159 | 152 |
| Árachas Sóisialta Pá-Choibhneasa | 123 | 115 |
| Cáin Shiarchoinneála na Seirbhísí Gairmiúla | 11 | 206 |
| Ranníocaíochtaí Pinsin | 40 | 34 |
| Cáin Mhaoine Áitiúil | 2 | 1 |
| Muirear Sóisialta Uilíoch | 43 | 50 |
| Cáin Bhreisluacha | 42 | 60 |
| | 420 | 618 |
| Asbhaintí párolla coinnithe ar fionraí | 46 | 37 |
| Scéim pasanna taistil | — | 5 |
| Míreanna sochair eile ar fionraí | 1 | — |
| | 467 | 660 |

| **2.8 Glandliteanas don Státchiste** | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Farasbarr le tabhairt suas | 6,077 | 5,077 |
| Suim iarchurtha ón bhfarasbarr atá le tabhairt suas | 110 | 200 |
| Deontas Státchiste nár tarraingíodh | (5,986) | (5,032) |
| Glandliteanas don Státchiste | 201 | 245 |
| | | |
| **Arna léiriú ag:** | | |
| | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 553 | 884 |
| Iarmhéideanna dochair: ar fionraí | 115 | 21 |
| | 668 | 905 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (420) | (618) |
| Iarmhéideanna sochair: ar fionraí | (47) | (42) |
| | (467) | (660) |
| | | |
| | 201 | 245 |

| **2.9 Ceangaltais** | **2016** | **2015** |
| --- | --- | --- |
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| | | |
| **Ollcheangaltais** | | |
| Soláthar earraí agus seirbhísí | 3,210 | 1,665 |
| Ceangaltais atá infheidhmithe le dlí | 3,210 | 1,665 |

Léiríonn an figiúr ceangaltas méadaithe na conarthaí úra atá i bhfeidhm chun tacú leis an tseirbhís soláthair láraithe de réir mar a éireoidh an Oifig um Sholáthar Rialtais go hiomlán feidhmiúil.

| **2.10 Dliteanais aibithe** | **2016** | **2015** |
| --- | --- | --- |
| | **€000** | **€000** |
| | | |
| Meastachán ar na dliteanais aibithe nár n-urscaoileadh roimh dheireadh na bliana. | 7 | 29 |

## 3 Caiteachas Cláir de réir Fo-mhírcheann

| | | | | 2016 | | 2015 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Soláthar measta | | Toradh | Toradh |
| | | | | €000 | €000 | €000 |
| **A** | **Soláthar na seirbhíse soláthair láir** | | | | | |
| A.1 | Riarachán – pá | | | 12,970 | 10,035 | 9,661 |
| A.2 | Riarachán – neamhphá | | | | | |
| | *Soláthar na bliana reatha* | 1,622 | | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 200 | | 1,822 | 1,327 | 1,667 |
| A.3 | Costais chomhairleoireachta soláthair agus costais eile | | | 5,890 | 3,062 | 2,992 |
| | | | | 20,682 | 14,424 | 14,320 |

**Athruithe suntasacha**

Tríd is tríd, an caiteachas i ndáil leis an gClár A €6 milliún níos ísle ná mar a fhoráiltear. Bhí sé seo den chuid is mó mar gheall ar an méid seo a leanas:

| Cur síos | Níos lú/(níos mó) ná a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Riarachán – pá | 2,935 | Is é an mhoill in earcaíocht san Oifig um Sholáthar Rialtais cúis leis an tearc-chaitheamh seo. |
| Riarachán – neamhphá | 495 | Is iad na moilleanna atá luaite thuas cúis leis an tearc-chaitheamh sa phá-riaracháin, ós rud é go raibh an caiteachas ar oiliúint agus ar TF níos lú ná mar a próifílíodh. |
| Costais chomhairleoireacht a soláthair agus costais eile | 2,828 | Is iad na moileanna i bhforbairt chórais sreabh oibre agus sa tionscadal ríomh-sonraic cúis leis an tearc-chaitheamh seo. Níor baineadh úsáid as soláthar do tháillí dlí i 2016 ós rud é nár tugadh costais chun críche. |

# 4 Fáltais

| **4.1 Leithreasaí-i-gcabhair** | **2016** | | **2015** |
|---|---|---|---|
| | **Measta** | **Réadaithe** | **Réadaithe** |
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| 1. Fáltais ó asbhaintí pinsean-choibhneasta ar luach saothair na seirbhíse poiblí | 475 | 375 | 471 |
| 2. Ilghnéitheach | 25 | 54 | 27 |
| **Iomlán** | **500** | **429** | **498** |

**Míniú ar athrúcháin shuntasacha**

Soláthraítear míniú thíos i gcás gach ceannteidil nuair a bhí an táirgeacht éagsúil ón méid a measadh faoi níos mó ná 100%, agus faoi níos mó ná 5%.

| **Cur síos** | **Níos lú/(níos mó) ná a soláthraíodh** | **Míniú** |
|---|---|---|
| | **€000** | |
| Fáltais ó asbhaintí pinsean-choibhneasta ar luach saothair na seirbhíse poiblí | 100 | Is í an chúis atá leis an athrúchán i dtaca le fáltais ó asbhaint a bhaineann le pinsean ar luach saothair na seirbhíse poiblí ná mar gheall ar an moill in earcú foirne laistigh de OSR, rud a bhfuil de thoradh air íocaíochtaí tuarastail a bhí níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis. |

| **4.2 Fáltais Bhreise atá iníoctha leis an Státchiste** | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid ar an 1 Eanáir | – | 19 |
| Iacáiste ó sholáthraithe | 37 | 11 |
| Aistriú chuig an Státchiste | (37) | (30) |
| Iarmhéid amhail an 31 Nollaig | – | – |

# 5 Líon agus Pá na bhFostaithe

| | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| **Líon foirne ag deireadh na bliana** (coibhéis lánaimseartha) | 192 | 186 |

| | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Pá | 9,228 | 8,900 |
| Liúntais do dhualgais níos airde, speisialta nó bhreise | 5 | 11 |
| Liúntais eile | 19 | 20 |
| Ragobair | 1 | 2 |
| ÁSPC fostóra | 782 | 728 |
| **Pá iomlán** | **10,035** | **9,661** |

### 5.1 Liúntais agus Íocaíochtaí Ragoibre

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí de chuid €10,000 nó níos mó | Uasíocaíocht aonair | Uasíocaíocht aonair |
|---|---|---|---|---|
| | | | 2016 | 2015 |
| | | | € | € |
| Dualgais níos airde, speisialta nó bhreise | 2 | – | 4,447 | 11,403 |
| Liúntais eile | 4 | – | 7,888 | 12,004 |
| Ragobair | 1 | – | 833 | 485 |

Ní bhfuair aon bhall foirne íocaíochtaí breise i níos mó ná catagóir amháin.

### 5.2 Ró-íocaíochtaí Párolla

Ba ionann na ró-íocaíochtaí ag deireadh na bliana agus €28,364 (8 gcás) (2015: €8,275). Astu seo, bhí pleananna téarnaimh i bhfeidhm ag €1,409 (2 chás).

# 6 Ilghnéitheach

### 6.1 Costais dlí

Beidh costais dlí le híoc mar thoradh ar chás dlíthíochta amháin a tugadh chun críche. Tá cinneadh á dhéanamh faoi láthair maidir le dliteanas.

### 6.2 Anonn go 2017

Faoi fhorálacha Ailt 91 den Acht Airgeadais 2004, tugadh €110,000 de leithdháiltí neamhchaite maidir le heilimintí caipitil an Fho-cheannteidil A.3 ar aghaidh go 2017.